# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2016

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gcomhdháil mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gcomhdháil nó ina dhiaidh sin.

Ní mór don scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gcomhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

Ní ceart don scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

Dírítear aird an scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **6** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

**CLUASTUISCINT(40marc)**
**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.
2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir **amháin** a roghnú i ngach cás.
3. Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

40

## ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1, Ceist 3, Ceist 4, Ceist 5, Ceist 6:** (**a**) *agus* (**b**) an ceann, = (4 + 3) x 5 = **35 mharc**
- **Ceist 2** tá pointe **amháin** eolais á lorg: = **5 mharc**

Iomlán do Roinn I (C.T.) = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

# ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

30

## Ceist 1 (30 marc)

= 5 mharc x 6 = **30 marc**

Iomlán do **Cheist 1 = 30 marc**

40

## Ceist 2 (40 marc)

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

**Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3, Ceist 4, Ceist 5**. = 7 marc x 5 = **35 marc**
**Ceist 6:** tá **dhá** phointe eolais á lorg: = 3 + 2 = **5 mharc**

Iomlán do **Cheist 2**. = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

50

## Ceist 3. (50 marc)

(a) **C.1**(15) + **C.2**(5) + **C.3**(5) = **25 mharc**
(b) **C.1**(15) + **C.2**(5) + **C.3**(5) = **25 mharc**

Iomlán do **Cheist 3**. = **(a)** 25 + **(b)** 25 = **50 marc**

# ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

25

## Ceist 4. (25 mharc)

**An Tasc –** Cárta Poist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach:** **(8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**

25

## Ceist 5. (25 mharc)

**An Tasc –** Freagra a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i. Freagra a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil freagra ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**.

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**

30

## Ceist 6. (30 marc) (a) *nó* (b):

(a) **An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide:** **= 5 mharc**

**iii) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6** (**a**) **= 30 marc**

*NÓ*

(b) **An Tasc** - Foirm Iarratais a chomhlánú

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An t-Eolas Cuí:** (9 x 2 mharc) = 18 + (7 x 1 mharc) **= 25 mharc**

**ii) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

2) Iarrthóirí a **d'úsáid:**
- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar '**drochlitriú'** ná 'ar **easpa cruinneas gramadaí'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó:

**Ceisteanna 4, 5 agus 6.**

**Gaeilge: 5 mharc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

**1 → 2**; **2 / 3 → 4**; **4 / 5→ 5**.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach**, taobh **amuigh.**

## Téacs don Chluastuiscint

**Ceist 1**.

Is mise Sinéad Ní Bhriain. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Tá mé ag freastal ar Choláiste Mhuire i nGaillimh. Is maith liom an Ghaeilge agus an Fhraincis ach is fuath liom an Eolaíocht. Tá seisear i mo theaghlach. Tá deartháir amháin agam agus beirt deirfiúracha. Is mise an duine is óige. Imrím cispheil ar fhoireann na scoile. Is maith liom leadóg agus camógaíocht freisin.

**Ceist 2.**

Bean: Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil Stáisiún na nGardaí?
Fear: Tá a fhios agam, cinnte. Téigh síos an tsráid seo chomh fada leis an mbanc. Cas ar chlé ansin. Lean ar aghaidh ar feadh céad méadar nó mar sin. Tiocfaidh tú chuig siopa mór éadaí ag an gcúinne. Cas ar dheis ansin agus feicfidh tú an stáisiún díreach os do chomhair amach.
Bean: Go raibh míle maith agat.
Fear: Tá fáilte romhat.

**Ceist 3.**

Anois an aimsir. Beidh sé tirim anocht sa chuid is mó den tír. Beidh báisteach go forleathan sa deisceart ar maidin ach glanfaidh sé go luath. Beidh tréimhsí gréine ann gach áit i rith an lae. Beidh an teocht is airde thart ar cheithre chéim déag Celsius. Tiocfaidh ceo isteach ón iarthar tráthnóna.

**Ceist 4.**

Ní raibh Seán ar scoil inné mar bhí tinneas fiacaile air. Ar a dó dhéag a chlog chuaigh sé isteach chuig an bhfiaclóir. Shuigh sé sa chathaoir mhór agus d'oscail sé a bhéal. D'fhéach an fiaclóir isteach ina bhéal agus chonaic sé an fhiacail lofa. Thug sé instealladh do Sheán agus tar éis cúpla nóiméad thóg sé amach an drochfhiacail. Bhí a bhéal tinn ar feadh an tráthnóna.

**Ceist 5.**

Deirdre: Tar anseo, 'Fhionn, go bhfeicfidh tú an fógra seo.
Fionn: Cad é atá ann?
Deirdre: 'Glór na Scoile'
Fionn: Cad é sin?
Deirdre: Comórtas amhránaíochta. Canann tú amhrán ar an stáitse ach ní fheiceann na moltóirí cé atá ag canadh.
Fionn: Ar nós an chláir sin ar an teilifís, an ea?
Deirdre: Sin díreach é.
Fionn: Agus cé hiad na moltóirí?
Deirdre: Nílim cinnte ach chuala mé go mbeidh triúr ann - an múinteoir ceoil, an múinteoir Gaeilge agus duine eile ón taobh amuigh den scoil. Tá ráfla ann go mbeidh Bressie ag teacht mar aoi speisialta fiú.
Fionn: Cá mbeidh an comórtas ar siúl?

Deirdre: Bhuel, nílim cinnte ach beidh na trialacha ar siúl sa seomra ceoil ag am lóin gach Céadaoin.
Fionn: An gcanfaidh tú féin amhrán?
Deirdre: Canfaidh mé, cinnte. Céard fútsa?
Fionn: Bainfidh mé triail as, is dócha.
Deirdre: Iontach, tar liom anois agus gheobhaimid foirm iarratais in oifig na scoile.

**Ceist 6.**

Colm: Dia duit, a Úna, cá bhfuil tú ag dul?
Úna: Tá mé ag dul go dtí an Lárionad Spóirt.
Colm: Cad atá ar siúl ann?
Úna: Tá cluiche cispheile againn i gcoinne Chlub Naomh Bríd.
Colm: An bhfuil tusa ag imirt?
Úna: Tá, táim ar fhoireann an chlub i mbliana.
Colm: An mbíonn cluiche agaibh go minic?
Úna: bíonn cluiche againn gach Aoine de ghnáth.
Colm: Cathain a bhíonn sibh ag traenáil?
Úna: Bímid ag traenáil gach oíche Mháirt óna seacht a chlog go dtí a hocht a chlog.
Colm: Cé mhéad duine a bhíonn ar fhoireann cispheile?
Úna: Cúigear a bhíonn ar an gcúirt ag am ar bith, agus bíonn cúpla ionadaí ann freisin. An bhfuil suim agat féin sa spórt?
Colm: Tá, cinnte. Imrím peil ghaelach.
Úna: Cá mbíonn tú ag imirt?
Colm: Bím ag imirt le Club Naomh Breandán.
Úna: An bhfuil foireann maith agaibh?
Colm: Tá. Bhuamar Corn an Chontae cúpla seachtain ó shin.
Úna: Comhghairdeas libh.
Colm: Go raibh maith agat.

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Móriomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
**(240 marc)**

# Freagraí Samplacha

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| **Nóta**: ☞ Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

ROINN I CLUASTUISCINT

| CEIST | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| MARC | 7 | 5 | 7 | 7 | 7 | 7 |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| | CEIST | MARC |
| ROINN II | 1 | 30 |
| | 2 | 40 |
| | 3 | 50 |
| ROINN III | 4 | 25 |
| | 5 | 25 |
| | 6 | 30 |
| | IOMLÁN ☞ | 200 |
| | CLUASTUISCINT ☞ | 40 |
| | **MÓRIOMLÁN** ☞ | 240 |
| | GRÁD ☞ | A |

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Sinéad ag freastal ar scoil?










| | | | |
|---|---|---|---|
| ☐ | X | ☐ | ☐ |

**<u>= 4 mharc</u>**


**Ceist 1 (b)** Cé mhéad deirfiúr atá ag Sinéad?

| | |
|---|---|
| Deirfiúr amháin | |
| Beirt deirfiúracha | X |
| Triúr deirfiúracha | |

**<u>= 3 mharc</u>**


**<u>Ceist 1 = 7 marc</u>**

**Ceist 2** Cá bhfuil an bhean ag dul?











| | | | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☐ | X | ☐ |


**<u>= 5 mharc</u>**

**<u>Ceist 2 = 5mharc</u>**

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh sa deisceart ar maidin?







| | | |
|---|---|---|
| ☐ | X | ☐ |

**= 4 mharc**

**Ceist 3 (b)** Cén teocht a bheidh ann amárach?

| | |
|---|---|
| 4 chéim Celsius | |
| 12 chéim Celsius | |
| 14 chéim Celsius | X |


**= 3 mharc**

**Ceist 3 = 7 marc**

**Ceist 4 (a)** Cá ndeachaigh Seán inné?







| | | |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | X |

**= 4 mharc**

**Ceist 4 (b)** Cad a bhí cearr leis?

| | |
|---|---|
| Tinneas fiacaile | X |
| Slaghdán | |
| Tinneas Cinn | |

**= 3 mharc**

**Ceist 4 = 7 marc**

**Ceist 5 (a)** Céard é Glór na Scoile?

| | |
|---|---|
| Comórtas damhsa | |
| Comórtas amhránaíochta | X |
| Seó faisin | |

**= 4 mharc**

**Ceist 5 (b)** Cá mbeidh na trialacha ar siúl?

| | |
|---|---|
| Sa seomra ceoil | X |
| Sa halla spóirt | |
| I seomra na Gaeilge | |

**= 3 mharc**

**Ceist 5 = 7 marc**

**Ceist 6 (a)** Cad atá ar siúl sa Lárionad Spóirt?

| | |
|---|---|
| Cluiche cispheile | X |
| Peil Ghaelach | |
| Cluiche sacair | |

**= 4 mharc**

**Ceist 6 (b)** Cén oíche a mbíonn Úna ag traenáil?

| | |
|---|---|
| Oíche Aoine | |
| Oíche Mháirt | X |
| Oíche Chéadaoin | |

**= 3 mharc**

**Ceist 6 = 7 marc**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (120 marc) |
|---|---|---|


**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**

**(a)** Caillte. Fón póca.
**(b)** Rás 5k ar son Chlann Shíomóin.
**(c)** Dráma ar siúl sa halla.
**(d)** Aire! Sioc ar na bóithre.
**(e)** Ranganna ríomhaireachta ar siúl.
**(f)** Bronnadh na nduaiseanna – 6.00 p.m.





**Rás 5k ar son Chlann Shíomóin.**
**(5 mharc)**




**Aire! Sioc ar na bóithre.**
**(5 mharc)**




**Ranganna ríomhaireachta ar siúl.**
**(5 mharc)**



**Bronnadh na nduaiseanna – 6.00p.m.**
**(5 mharc)**



**Dráma ar siúl sa halla.**
**(5 mharc)**



**Caillte. Fón póca.**
**(5 mharc)**

| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | 30 |
|---|---|

**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

# Coláiste Naomh Eoin
# Port Láirge
## Turas Lae go Páirc an Chrócaigh
### Dé hAoine, 15 Iúil 2016

| | |
|---|---|
| 8.30 a.m. | Bualadh le chéile ag an gclubtheach. |
| 8.45 a.m. | Bus go dtí Stáisiún Phluincéid, Port Láirge. |
| 9.00 a.m. | Traein go Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath. |
| 11.15 a.m. | An Luas go lár na cathrach. |
| 11.45 a.m. | Siúlóid staire go Páirc an Chrócaigh. |
| 12.15 p.m. | Lón sa bhialann. |
| 1.00 p.m. | Cuairt ar an Músaem i bPáirc an Chrócaigh. |
| 2.15 p.m. | Turas timpeall na páirce agus na seastán. |
| 3.15 p.m. | Siúlóid ar Chosán na Spéirlíne. |
| 4.30 p.m. | Siopadóireacht ar Shráid Anraí. |
| 6.00 p.m. | Traein abhaile go Port Láirge. |

Ticéid €25, ar fáil ó Rúnaí an chlub.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Coláiste Naomh Eoin suite?

| | |
|---|---|
| I mBaile Átha Cliath | |
| I bPort Láirge | **X = (7 marc)** |
| Ar Shráid Anraí | |

**2.** Conas a rachaidh siad go Stáisiún Heuston?

| | |
|---|---|
| Ar an mbus | |
| Ar an traein | **X = (7 marc)** |
| Sa charr | |

**3.** Cén t-am a mbeidh an lón acu?

| | |
|---|---|
| 12.15 p.m. | **X = (7 marc)** |
| 1.00 p.m. | |
| 2.15 p.m. | |

**4.** Cá mbeidh siad ag 4.30?

| | |
|---|---|
| Ar Shráid Anraí | **X = (7 marc)** |
| Ar an Spéirlíne | |
| I bPáirc an Chrócaigh | |

**5.** Cén praghas atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €15.00 | |
| €20.00 | |
| €25.00 | **X = (7 marc)** |

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad **tar éis** lóin. **(3 + 2 mharc)**

**Cuairt ar an Músaem i bPáirc an Chrócaigh./Turas timpeall na páirce agus na seastán./Siúlóid ar Chosán na Spéirlíne./Siopadóireacht ar Shráid Anraí./Traein abhaile go Port Láirge.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha | **30 + 40** | = | **70** |

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**). **(50 marc)**

Léigh an **dá** alt nuachta seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

## (a) Lionel Messi – Peileadóir Cáiliúil (25 marc)

Rugadh Lionel Messi ar an 24 Meitheamh, 1987 san Airgintín. Tá seisear sa teaghlach – a thuismitheoirí, Jorge agus Celia, a dheartháireacha, Rodrigo agus Matías, agus a dheirfiúr, María. Nuair a bhí Messi an-óg bhíodh sé ag imirt peile go minic ina chúlghairdín.

Bhí mí-eagar easpa hormón ar Messi nuair a bhí sé óg. Ní raibh sé ag fás mar ba chóir dá bharr. Bhog an teaghlach go Barcelona nuair a bhí sé aon bhliain déag d'aois chun cóir leighis a fháil dó. Bhí scil iontach sacair ag Messi. Ghlac sé páirt i dtriail le club sacair Barcelona nuair a bhí sé trí bliana déag d'aois. Bhí sé chomh maith sin go raibh sé ag imirt do Barcelona B, an dara foireann, go luath ina dhiaidh sin.

Bíonn Messi ag rith ar luas lasrach nuair a bhíonn sé ag imirt. Bíonn sé ag casadh i ngach treo agus ag cleasaíocht leis an liathróid. Bíonn faitíos ar an bhfoireann eile roimhe. Is minic nach bhfeiceann an cúl báire an liathróid nó go gcroitheann sí an líon.

In 2005 a fuair sé a chéad chúl do chéadfhoireann Barcelona. Tá cáil air ar fud an domhain anois de bharr a scile agus de bharr líon na gcúl a scóráil sé. An é an t-imreoir sacair is fearr riamh é?

**Lionel Messi**

**1.** Cár rugadh Lionel Messi?

**Rugadh Lionel Messi ar an 24 Meitheamh, 1987 san Airgintín.** **= (15 mharc)**

**2.** Cén aois a bhí ag Lionel Messi nuair bhí triail aige le club sacair Barcelona?

| | |
|---|---|
| Aon bhliain déag d'aois | |
| Trí bliana déag d'aois | **X = (5 mharc)** |
| Cúig bliana déag d'aois | |

**3.** Cén bhliain a fuair Messi a chéad chúl do chéadfhoireann Barcelona?

| | |
|---|---|
| 1987 | |
| 2005 | **X = (5 mharc)** |
| 2006 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **70 + 50** | = | **120** |

**(b)** **TG4 – Fiche Bliain ag Fás** **(25 marc)**

| | |
|---|---|
| Thosaigh TG4 ag craoladh Oíche Shamhna na bliana 1996. 'Teilifís na Gaeilge' nó 'TnaG' an t-ainm a bhí air i dtosach. Athraíodh an t-ainm go 'TG4' sa bhliain 1999. Tá TG4 suite i mBaile na hAbhann i nGaeltacht Chonamara i gContae na Gaillimhe. Tá cláir TG4 dírithe ar chainteoirí Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain.<br><br>Bíonn thart ar 650,000 duine ag féachaint ar TG4 gach lá. Bíonn os cionn milliún duine ag féachaint air laethanta áirithe – Lá Fhéile Pádraig agus Lá Nollag mar shampla. I nGaeilge a bhíonn formhór na gclár ar TG4. Bíonn cláir i mBéarla agus i dteangacha eile á dtaispeáint acu freisin. Bíonn cláir spéisiúla ar TG4 do gach aoisghrúpa.<br><br>Bíonn cláir siamsaíochta do pháistí agus do dhaoine óga ar TG4, *Cúla 4* agus *Ponc* mar shampla. Tá sobalchlár cáiliúil ag an stáisiún darb ainm *Ros na Rún*. Bíonn an-tóir ar chláir cheoil, ar chláir faisnéise agus ar chláir chúrsaí reatha, ach is ar na cláir spóirt is mó a bhíonn daoine ag féachaint.<br><br>Bíonn cluichí Gaelacha le feiceáil ar TG4 go minic. Bíonn cluichí leadóige á gcraoladh beo as Wimbledon sa samhradh agus bíonn an rothaíocht sa Tour de France le feiceáil freisin. Bíonn lucht féachana an-mhór ag breathnú ar an gclár *Rugbaí Beo*. B'fhéidir go mbeidh na Cluichí Oilimpeacha agus Corn an Domhain sa sacar á gcraoladh beo ar TG4 amach anseo! | |

**1.** Cathain a thosaigh TG4 ag craoladh?

**Thosaigh TG4 ag craoladh Oíche Shamhna na bliana 1996.** **= (15 mharc)**

**2.** Cé mhéad duine a bhíonn ag féachaint ar TG4 gach lá?

| | |
|---|---|
| Os cionn milliún duine | |
| Thart ar 650,000 duine | **X= (5 mharc)** |
| Thart ar 80,000 duine | |

**3.** Cén sobalchlár cáiliúil atá ag TG4?

| | |
|---|---|
| Cúla 4 | |
| Ros na Rún | **X= (5 mharc)** |
| Ponc | |


| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(25 marc)**

Féach ar an bpictiúr thíos.

# Laethanta saoire in Ionad Campála




Tá tú ar laethanta saoire san áit seo le do theaghlach. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**Cárta Poist**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach: = (8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**) = 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** = **5 mharc**

Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**

| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

**CEIST 5.** **(25 marc)**

Léigh an **fógra** seo.

**FÓGRA**

***Angry Birds***

san **IMC**

**Dé Sathairn, 11 Bealtaine 2016**

**Doirse ar oscailt 7.30 p.m.**

**Cead isteach €10.00**

Chonaic tú an fógra seo ar do bhealach abhaile ón scoil. Scríobh **cuireadh** nó **teachtaireacht ríomhphoist** chuig do chara ag iarraidh air/uirthi teacht leat chun an scannán seo a fheiceáil. Is tusa **Siobhán** *nó* **Séamas**.

**TEACHTAIREACHT RÍOMHPHOIST**

**An Tasc – Cuireadh** nó **teachtaireacht ríomhphoist** a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Cuireadh a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil cuireadh ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 145 + 25 | = | 170 |
|---|---|---|---|

**CEIST 6.** Freagair (**a**) *nó* (**b**). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tú ag an **dioscó**.
Tá tú chun alt gearr a scríobh faoin dioscó in Iris na Scoile.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Dioscó Mór na Nollag**




**(a) An Tasc** – Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**

**iii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | **170 + 30** | = | **200** |
|---|---|---|---|

*NÓ*

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i **siopa ceoil** i do cheantar.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos.

# SIOPA CEOIL UÍ MHURCHÚ

## Foirm Iarratais

Ainm: ____________________ **= 2 mharc**

Seoladh: ____________________
____________________ **2 mharc**

Aois: ____________________ **= 2 mharc**

Dáta Breithe: ____________________ **= 2 mharc**

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ____________________ **= 2 mharc**

Luaigh **dhá** ábhar scoile a thaitníonn leat. ____________________ **= 2 mharc**

Cén saghas ceoil a thaitníonn leat? ____________________ **= 2 mharc**

Ainmnigh an grúpa ceoil is fearr leat. ____________________ **= 2 mharc**

An seinneann tú aon uirlis cheoil? ____________________ **= 2 mharc**

An maith leat bualadh le daoine? ____________________ **= 1 mharc**

An fearr leat a bheith ag obair ar maidin nó tráthnóna?____________________ **= 1 mharc**

An mbeidh tú ábalta teacht ag obair ag an deireadh seachtaine? ____________________ **= 1 mharc**

Cén lá den tseachtain ar mhaith leat a bheith saor? ____________________ **= 1 mharc**

Conas a thiocfaidh tú go dtí an siopa? ____________________ **= 1 mharc**

Síniú: ___________ **= 1 mharc**

Dáta: ___________ **= 1 mharc**

Tá dhá chuid sa mharcáil anseo:
**i) An t-Eolas Cuí** (9 x 2 mharc) = 18 + (7 x 1 mharc) **= 25 marc**
**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**